

## Treoirlínte

---

maidir le tagarmharcáil cleachtas éagsúlachta, lena n-áirítear beartais éagsúlachta agus an bhearna phá idir na hinscní, faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/2034

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

---

## Stádas na dTreoirínite seo

1. Tá Treoirínite sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010<sup>1</sup>. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirínite a chomhlíonadh.
2. I dtreoirínite leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údarás inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann Treoirínite, comhlíonadh trí na Treoirínite a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear cásanna ina bhfuil na treoirínite dírithe go príomha ar institiúidí.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirínite seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna le neamhchomhlíonadh a sholáthar ar shlí eile, faoin 27.05.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údarás inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt "EBA/GL/2023/08" a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

# Ábhar, raon feidhme agus sainmhínthe

---

## Ábhar

5. Sonraítear sna Treoirlínte seo, chun críocha tagarmharcáil chomhchuibhithe cleachtas éagsúlachta de réir Airteagal 91(11) de Threoir 2013/36/AE agus Airteagal 26 de Threoir (AE) 2019/2034, an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta, mura bhfuil siad beag agus neamh-idirnasctha, d'údaráis inniúla agus ó údaráis inniúla chuig ÚBE chun cleachtais éagsúlachta a thagarmharcáil, lena n-áirítear faisnéis arna nochtadh de réir Airteagal 435(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus faoi Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2019/2033.
6. Chomh maith leis sin, sonraítear sna Treoirlínte seo, chun críocha tagarmharcáil chomhchuibhithe na bearna phá idir na hinscní ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta, an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta, mura bhfuil siad beag agus neamh-idirnasctha, d'údaráis inniúla de réir Airteagal 75(1) de Threoir 2013/36/AE agus Airteagal 34(1) de Threoir (AE) 2019/2034 agus ó údaráis inniúla chuig ÚBE.

## Raon feidhme

7. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo i ndáil leis an bhfaisnéis ba cheart d'údaráis inniúla a bhailiú ó institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta ar bhonn aonair maidir le cleachtais éagsúlachta ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta, lena n-áirítear comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta, beartais éagsúlachta agus an bhearna phá idir na hinscní ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta agus í a chur faoi bhráid ÚBE chun críocha na faisnéise sin a fhoilsiú ar leibhéal an Aontais agus de réir na tíre.
8. Tá feidhm leis na Treoirlínte ar bhonn aonair mar atá leagtha amach in Airteagal 6 go dtí Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus in Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/2033.

## Seolaithe

9. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla dá dtagraítear dóibh in Airteagal 4(2), pointe (i) agus (viii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ar institiúidí iad mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) (3) de Rialachán (AE) 575/2013, ag féachaint do ghnólachtaí infheistíochta atá faoi réir Airteagal 1(2) nó Airteagal (5) de Rialachán (AE) 2019/2033 (ba cheart a thuiscint go gciallaíonn gach tagairt d'institiúidí go bhfuil gnólachtaí infheistíochta dá leithéid san

áireamh), agus do ghnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear iad i bpointe (1) d’Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2014/65, mura bhfuil siad beag agus neamh-idirnasctha mar a shonraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus atá, dá bhrí sin, faoi réir na bhforálacha a bhaineann le rialachas inmheánach, trédhearcacht, déileáil le rioscaí agus luach saothar faoi Chaibidil 2, Alt 2 de Threoir (AE) 2019/2034 agus go háirithe Airteagal 25 agus Airteagal 34 den Treoir sin.

## Sainmhínithe

10. Tá an chiall chéanna leis na téarmaí atá úsáidte agus sainmhínithe i dTreoir 2013/36/AE, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir (AE) 2019/2034 agus Rialachán (AE) 2019/2033 agus “Treoirlínte Comhpháirteacha ÚBE-ESMA maidir leis an measúnú ar oiriúnacht ball den chomhlacht bainistíochta agus príomhshealbhóirí feidhmeanna faoi Threoir 2013/36/AE agus faoi Threoir 2014/65/AE”<sup>2</sup>, sna Treoirlínte seo, mura gcuirtear sainmhínithe sonracha ar fáil le haghaidh na dTreoirlínte seo sa mhír seo.

---

Bunáitíocht gheografach	le haghaidh an chleachtaidh seo, ciallaíonn sé an áit a raibh cónaí ar dhuine nó an áit a bhfuair duine cúlra oideachais nó gairmiúil atá cothrom le tréimhse ama de thrí bliana ar a laghad.
-------------------------	---

---

Cathaoirleach	cathaoirleach an chomhlachta bainistíochta, ina fheidhm mhaoirseachta, d’institiúid de réir Airteagal 88 de Threoir 2013/36/AE, nach gcuireann aon fheidhm feidhmiúcháin i gcrích san institiúid nó gnólacht infheistíochta lena mbaineann.
---------------	---

---

Cúlra gairmiúil	ciallaíonn sé taithí faighte ag ball den chomhlacht bainistíochta trí ghníomhaíochtaí gairme a réachtáil, is cuma má tá nó mura bhfuil siad sochrach, a luaitear le tréimhse ama de thrí bliana ar a laghad sular cuireadh tús leis an bpost reatha.
-----------------	--

---

Institiúid shuntasach	institiúidí dá dtagraítear dóibh in Airteagal 131 de Threoir 2013/36/AE (institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIInna), agus institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SIInna)), agus, de réir mar is iomchuí, institiúidí eile arna gcinneadh ag an údarás inniúil nó dlí náisiúnta, bunaithe ar mheasúnú ar mhéid na n-institiúidí, agus cineál, raon feidhme agus castacht a ngníomhaíochtaí a bhfuil orthu coiste ainmiúcháin a chur chun feidhme faoi
-----------------------	--

---

<sup>2</sup> EBA/GL/2017/12.

Airteagal 88(2) nó coiste luacha saothair faoi Airteagal 95 den Treoir seo mar atá curtha chun feidhme ag dlí náisiúnta.

---

Ionadaí na bhfostaithe	ball den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta, tofa ag foireann na hinstiúide nó an ghnólachta infheistíochta faoi dhlí náisiúnta is infheidhme.
Neamh-dhénártha	inscne duine, aon fhéiniúlacht inscne nach ionann í agus fireann nó baineann.
Príomhoifigeach feidhmiúcháin (POF).	an duine atá freagrach as gníomhaíochtaí gnó uile instiúide nó gnólachta infheistíochta a bhainistiú agus a stiúradh agus ba cheart go mbeadh, chun críche an chleachtaidh seo, cathaoirleach nó uachtarán an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta san áireamh.
Stiúrthóir Feidhmiúcháin	ball den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus san áireamh tá na daoine a threoraíonn gnó na hinstiúide nó an ghnólachta infheistíochta go héifeachtach.
Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin	post mar bhall den chomhlacht bainistíochta san fheidhm mhaoirseachta ina bhfuil duine freagrach as maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chinnteoireacht bhainistíochta gan dualgais feidhmiúcháin laistigh den chomhlacht bainistíochta.

---

## Cur chun feidhme

---

### Dáta cur i bhfeidhm

11. Tá na Treoirínte i bhfeidhm ó 27.06.2024.

## 2. Treoirínte

---

1. Sampla d'instiúidí agus gnólachtaí infheistíochta atá le cur san áireamh sa chleachtadh tagarmharcála éagsúlachta

12. Ba cheart d'údarás inniúla sonraí maidir le cleachtais éagsúlachta a bhailiú agus a chur faoi bhráid ÚBE, lena n-áirítear sonraí maidir le beartais éagsúlachta agus an bhearna phá idir na hinscní ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta le haghaidh sampla ionadaíoch d'institiúidí infheistíochta laistigh den Bhallstát ar bhonn aonair mar a shonraítear sna hiarscríbhinní a fhoilsítear go leithleach.
13. Ba cheart go gcuimseofaí sa sampla institiúidí atá faoi réir Threoir 2013/36/AE agus gnólachtaí infheistíochta atá faoi réir na gceanglas maidir le rialachas faoi Airteagal 91 de Threoir 2013/36/AE, de réir Airteagal 1(2) nó (5) de Rialachán (AE) 2019/2033 (Aicme 1), nó faoi réir Airteagal 26 de Threoir (AE) 2019/2034 (Aicme 2). D'fhéadfaí ní ba mhó ná institiúid nó gnólacht infheistíochta amháin laistigh de ghrúpa a chur san áireamh, go háirithe nuair atá siad lonnaithe i mBallstáit dhifriúla. Níor cheart d'údarás inniúla gnólachtaí infheistíochta a chur leis an sampla sa chás go bhfuil údarú tugtha acu don ghnólacht infheistíochta atá á bhainistiú ag duine nádúrtha aonair faoi Airteagal 9(6) de Threoir 2014/65/AE.
14. Déanfaidh ÚBE teagmháil le húdarás inniúla in am trátha roimh gach cleachtadh bailithe sonraí agus cuirfidh sé tuilleadh faisnéise ar fáil maidir le conas cinneadh a dhéanamh faoin sampla d'institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta ónar cheart sonraí a bhailiú. I ndiaidh an iarrata, ba cheart d'údarás inniúla eolas a chur ar fáil do ÚBE maidir leis an liosta institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta atá beartaithe acu a chur san áireamh i gcleachtadh tagarmharcála na gcleachtas éagsúlachta, laistigh den amlíne curtha ar fáil ag ÚBE.
15. Ba cheart d'údarás inniúla institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta ar cuid den sampla iad a chur ar an eolas go tráthúil sula mbailítear na sonraí, agus trí mhí ar a laghad sula n-iarrtar sonraí a chur isteach.

## 2. Sonraí tagarmharcála na gcleachtas éagsúlachta a chur isteach

16. Ba cheart d'institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go bhfuil siad in ann faisnéis faoi chleachtais éagsúlachta a chur ar fáil, lena n-áirítear beartais éagsúlachta agus an bhearna phá idir na hinscní ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta, mar atá sonraithe sna Treoirínte seo, don údarás inniúil.
17. Ba cheart d'institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta atá roghnaithe chun páirt a ghlacadh sa sampla na sonraí arna n-iarraidh ar bhonn aonair a chur ar fáil don údarás inniúil faoin 30 Aibreán gach 3 bliana, ag tosú in 2025 agus ba cheart an 31 Nollaig 2024 a roghnú mar an dáta tagartha.
18. Ba cheart d'údarás inniúla na sonraí atá curtha ar fáil ag institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta de réir alt 17 a chur ar fáil do ÚBE faoin 15 Meitheamh i ndiaidh dóibh iomláine, ceartaiseacht agus inchreidteacht na faisnéise a áirithiú.

## 3. Ceanglais a bhaineann le tagarmharcáil éagsúlachta a thuairisciú

19. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta an fhaisnéis dá dtagraítear di sna Treoirí seo a chur ar fáil sna formáidí malartaithe sonraí agus uiríll sonraithe ag údarás inniúla, agus an sainmhíniú ar phointe sonraí atá le fáil sa tsamhail pointe sonraí a urramú, mar aon leis na sonraíochtaí seo a leanas:
- a. níor cheart faisnéis nach gceanglaítear ná nach bhfuil infheidhme a chur san áireamh sna sonraí atá á gcur isteach;
  - b. cuirfeadh luachanna uimhriúla isteach mar fhíricí de réir an mhéid seo a leanas:
    - i. ba cheart pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí “airgeadaíocht” ag gabháil leo a thuairisciú trí úsáid a bhaint as beachtas íosta atá coibhéiseach leis na milliúin aonad;
    - ii. déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí “cátadán” ag gabháil leo a léiriú in aghaidh an aonaid le beachtas íosta atá coibhéiseach le ceithre dheachúil;
    - iii. déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí “slánuimhir” ag gabháil leo a thuairisciú gan aon deachúil a úsáid agus beachtas atá coibhéiseach le haonaid.
20. Ba cheart go mbainfeadh na sonraí a chuireann institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta isteach leis an bhfaisnéis seo a leanas:
- a. dáta tagartha agus tréimhse thagartha tuairiscithe;
  - b. airgeadra tuairiscithe; agus
  - c. aitheantóir na hinstiúide tuairiscithe.

#### 4. Sonraíochtaí ginearálta maidir le cur isteach shonraí tagarmharcála na gcleachtas éagsúlachta

21. Ba cheart go mbeadh an dáta tagartha le haghaidh na sonraí maidir le cleachtas éagsúlachta, lena n-áirítear an beartas éagsúlachta, ag deireadh na bliana féilire ar cuireadh na sonraí ar fáil lena haghaidh. Ba cheart go léireofaí san fhaisnéis curtha ar fáil faoi chomhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta agus na beartais curtha chun feidhme an staid ag an dáta tagartha.
22. Ba cheart faisnéis airgeadais a chur isteach bunaithe ar fhiúirí cuntasáochta dheireadh na bliana in EUR. Sa chás go gceadaítear d'institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta, de réir dlíthe náisiúnta, a bhfaisnéis airgeadais a thuairisciú bunaithe ar dheireadh a mbliana cuntasáochta, nach bhfuil ag teacht le deireadh na bliana féilire, ba cheart glacadh le deireadh na bliana cuntasáochta is déanaí atá ar fáil mar an dáta tagartha don fhaisnéis airgeadais atá le cur ar fáil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an mbearna phá idir na hinscní. I gcás ina nochtar sonraí den sórt sin in airgeadra seachas EUR, ba cheart an ráta malairte arna úsáid ag an

gCoimisiún Eorpach don chlárú airgeadais agus an buiséad do mhí na Nollag na bliana tuairiscithe a úsáid chun na figiúirí a bheidh le tuairisciú a chomhshó<sup>3</sup>.

23. Ina lán cásanna, sainítear raon féideartha an ionchuir sonraí. Sa chás nach mbeadh an freagra ceart laistigh den raon sainithe de luachanna sainithe, ba cheart don institiúid nó gnólacht infheistíochta an freagra ab oiriúnaí don staid a roghnú nó sa chás nach féidir é sin a dhéanamh, an réimse a fhágáil folamh, teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil agus mínithe a chur ar fáil. Ba cheart don údarás inniúil an fhaisnéis seo a chur ar fáil do ÚBE.

## 5. Tá sonraíocht maidir leis an gcóras rialachais le cur ar fáil

24. Ba cheart d'institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta faisnéis maidir lena gcóras rialachais a chur ar fáil. Don chleachtadh seo, ba cheart go mbeadh an difreálú teoranta do chóras boird aontaithe (córas 1 leibhéal) nó déchóras boird (córas 2 leibhéal). Ba cheart córais hibrideacha a leithdháileadh ar na córais seo mar a léirítear i bpointe (a) agus pointe (b) thíos, neamhspleách ar bhoird feidhmiúcháin, coistí iniúchta, luacha saothair nó ainmniúcháin breise, nó ar an bpointe go bhfuil cinntí áirithe á ndéanamh go díreach ag scairshealbhóirí seachas ag an gcomhlacht bainistíochta.
  - a. Ba cheart glacadh le córas aonleibhéil mar chóras ina bhfuil gach ball den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta agus gach ball den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseacht ag obair mar chomhlacht bainistíochta amháin atá freagrach as straitéis, as cuspóirí agus as treo foriomlán na hinstitiúide a leagan amach. Sa chás gur ann do, i dteannta leis an mbord aonadach seo, bord feidhmiúcháin éigeantach, fós ba cheart glacadh leis go bhfuil struchtúr aonleibhéil ag institiúidí agus ag gnólachtaí infheistíochta.
  - b. Ba cheart glacadh le córas dhá leibhéal mar chóras ina bhfuil an comhlacht bainistíochta, ina fheidhm bhainistíochta (stiúrthóirí feidhmiúcháin, lena n-áirítear an POF), ag feidhmiú mar chomhlacht saineúil i gcomparáid leis an gcomhlacht nach bhfuil ach baill den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta páirteach ann (stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin), i.e. níl aon bhord aonadach ann.

## 6. Sonraíochtaí maidir le sonraí faoi bhail den chomhlacht bainistíochta a chur isteach

25. Sa chás go n-iarrtar sonraí faoin POF, níor cheart ach sonraí don POF a thuairisciú faoin gcatagóir seo. Ba cheart sonraí faoi POFanna ionaid nó Leas-POFanna a thuairisciú faoin gcatagóir dar teideal “stiúrthóirí feidhmiúcháin”. Sa chás nach bhfuil ról mar POF ag aon stiúrthóir feidhmiúcháin, ba cheart na sonraí ar fad maidir le stiúrthóirí feidhmiúcháin a thuairisciú faoin gcatagóir dar teideal “stiúrthóirí feidhmiúcháin”.

---

<sup>3</sup> Cuireann ÚBE nasc ar fáil chuig an bhfaisnéis ar a shuíomh gréasáin mar aon leis na treoirilínte seo. Is féidir teacht ar an ráta malairte freisin ag [http://ec.europa.eu/budget/contracts\\_grants/info\\_contracts/infoeuro/infoeuro\\_en.cfm](http://ec.europa.eu/budget/contracts_grants/info_contracts/infoeuro/infoeuro_en.cfm)



26. Sa chás go bhfuil sonraí le cur ar fáil maidir le stiúrthóirí feidhmiúcháin, ba cheart faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a chur ar fáil sna sonraí seo:
- na baill den chomhlacht bainistíochta a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin acu agus atá freagrach as treo éifeachtach na hinstiúide nó an ghnólachta infheistíochta;
  - na daoine a threoraíonn go héifeachtach an gnó de réir Airteagal 13(1) de Threoir 2013/36/AE, i gcás instiúide, nó de réir 9(6) de Threoir 2014/65/AE, i gcás gnólachta infheistíochta, gan beann ar cibé acu an baill iad nó nach baill iad den fheidhm bhainistíochta nó riaracháin a ceapadh de réir an dlí cuideachtaí náisiúnta.
27. Sa chás go n-iarrtar sonraí maidir leis an gcathaoirleach, níor cheart ach sonraí don chathaoirleach a thuairisciú faoin gcatagóir seo má tá baint ag an gcathaoirleach le feidhm mhairseachta an chomhlachta bainistíochta; níor cheart cathaoirligh ionaid nó leaschathaoirligh a thuairisciú ach faoin gcatagóir dar teideal “stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin”. Sa chás nach bhfuil ról mar chathaoirleach ag aon stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, ba cheart na sonraí ar fad a thuairisciú faoin gcatagóir dar teideal “stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin”. Níor cheart cathaoirleach de chomhlacht bainistíochta ag a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin freisin a thuairisciú ach faoin gcatagóir dar teideal stiúrthóirí feidhmiúcháin.
28. Sa chás go bhfuil sonraí le cur ar fáil maidir le stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, ba cheart faisnéis ar leithligh maidir leis an méid seo a leanas a chur san áireamh sna sonraí seo:
- baill den chomhlacht bainistíochta atá freagrach as maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chinnteoireacht na foirne bainistíochta gan dualgais feidhmiúcháin a bheith acu;
  - más infheidhme, ionadaithe fostaithe ar baill den chomhlacht bainistíochta iad.
29. Ba cheart baill den chomhlacht bainistíochta a leithdháileadh ar an inscne lena mbaineann siad. Don chleachtadh seo, glactar le gach inscne nach ionann í agus fear nó bean mar an tríd catagóir d’inscní, catagóir ar a dtugtar neamh-dhénártha.
30. Sa chás go bhfuil stiúrthóirí feidhmiúcháin ag feidhmiú mar chathaoirleach ar bhord aonadach, níor cheart an fhaisnéis faoin stiúrthóir sin a chur ar fáil ach faoin gcatagóir dar teideal “stiúrthóirí feidhmiúcháin”, lena n-áirítear i gcomhthéacs na bearna pá idir na hinscní a ríomh.

## 7. Sonraíocht chun an bhearna phá idir na hinscní a ríomh

31. Ba cheart d’údarás inniúla sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní a bhailiú ó instiúidí agus gnólachtaí infheistíochta ar bhonn aonair arna léiriú mar chéatadán den difríocht idir meánphá na mball baineann agus fireann den chomhlacht bainistíochta agus an difríocht idir baill neamh-dhénártha agus baill fhireanna den chomhlacht bainistíochta, bunaithe ar luach saothair meánach agus airmheánach stiúrthóirí feidhmiúcháin, stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus ionadaithe fostaithe.

32. Chun an bhearna phá idir na hinscní a ríomh, ba cheart d'institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta glacadh leis an luach saothair bliantúil comhlán iomlán mar shuim an luacha saothair sheasta agus athraithe roimh cháin, agus an méid seo a leanas a bhreithniú:
- a. Ba cheart an luach saothair athraitheach iomlán dáfa do gach tréimhse feidhmíochta a chríochnaigh i rith na bliana airgeadais a úsáid. Ba cheart go n-áireofaí anseo luach saothair athraitheach bunaithe ar thréimhsí feidhmíochta ilbhliantúla neamh-imrothlacha. Níor cheart méideanna íochta amach sa bhliain airgeadais (e.g. ar bhonn *pro rata*) a dámhadh i mblianta airgeadais roimhe sin a chur san áireamh.
  - b. Níor cheart luach saothair athraitheach ráthaithe (e.g. bónas sínithe), pacáistí luacha saothair dáfa i gcomhair ceannach thar barr amach ó chonarthaí agus scaoilíocaíochtaí roimhe sin (e.g. i gcás nach bhfuil deireadh fós le Conradh foirne ag deireadh na bliana airgeadais) a chur san áireamh sa ríomh.
  - c. Ba cheart sochair neamhairgeadaíochta (e.g. carr cuideachta, iasachtaí saor ó ús, naíscoil chuideachta saor in aisce, etc.) a chur san áireamh ag a gcoibhéis airgeadaíochta ar a ngearrtar cáin.
  - d. Níor cheart íocaíochtaí rialta sa chóras pinsin agus árachas sláinte do gach ball foirne a chur san áireamh. Ba cheart sochair phinsin lánroghnacha a chur san áireamh.
  - e. Ba cheart táillí a bhaineann le rannpháirtíocht i gcruinnithe an chomhlachta bainistíochta a chur san áireamh, teoranta do bhaill den chomhlacht bainistíochta san fheidhm mhaoirseachta áit a bhfaigheann siad gnéithe liostaithe faoi phointe (a) go dtí (d) den mhír seo freisin. Sa chás nach ndéanta aon íocaíocht eile, tá feidhm le mír 33. Níor cheart táillí rannpháirtíochta chun páirt a ghlacadh i gcoistí an chomhlachta bainistíochta a chur san áireamh.
33. Sa chás go bhfaigheann stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nó ionadaithe fostaithe luach saothair díreach dá bhfeidhm i bhfoirm táille rannpháirtíochta laethúil sheasta, is é an méid ba cheart a bhreithniú nuair a bhíonn an bhearna phá idir na hinscní á ríomh an táille rannpháirtíochta i gcomhair **lá amháin**, neamhspleách ar an líon laethanta a bhfuil luach saothair íochta lena aghaidh i rith na bliana airgeadais, seachas an luach saothair atá sonraithe i mír 32 a ríomh.
34. Maidir le hionadaithe fostaithe, níor cheart ach na méideanna dáfa dá fheidhm/dá feidhm mar bhall den chomhlacht bainistíochta a bhreithniú.
35. Sa chás go bhfuair ball den chomhlacht bainistíochta luach saothair díreach do chuid den bhliain airgeadais, ba cheart an luach saothair faighte a uas-scálú go dtí an méid a bheadh i gceist leis an luach saothair bliantúil comhlán iomlán, dá mbeadh luach saothair á fháil ag an mball sin don bhliain iomlán. Ba cheart déileáil ar an tslí seo le baill a oibríonn ar bhonn páirtaimseartha.
36. Níor cheart baill nach baill den chomhlacht bainistíochta iad ag deireadh na bliana airgeadais a chur san áireamh sa ríomh agus níor cheart a luach saothair a chur san áireamh sa ríomh.

37. Ba cheart d'institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta na teoracha seo a leanas a chomhlíonadh nuair a bhíonn an luach saothair meánach agus airmheánach atá le tuairisciú in larscríbhinn XI á ríomh:
- a. Go leithleach le haghaidh stiúrthóirí feidhmiúcháin, stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus ionadaithe fostaithe, ba cheart luach saothair gach stiúrthóra a leithdháileadh ar an inscne infheidhme.
  - b. Ba cheart luach saothair na mball foirne, ar leithleach do gach inscne, a eagrú bunaithe ar an méid, ag tosú leis an méid is ísle.
  - c. Ba cheart an luach saothair meánach agus airmheánach do stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin fireanna, baineanna agus neamh-dhénártha, stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus ionadaithe fostaithe a ríomh.
38. Ba cheart an figiúr meánach a ríomh mar shuim an luacha saothair roinnte ar an líon stiúrthóirí sa chatagóir ábhartha atá sonraithe faoi mhír 37(c).
39. Tá an figiúr meánach atá le ríomh faoi mhír 37(c) cothrom le luach láir dháileadh na luachanna luacha saothair atá leagtha amach faoi mhír 37(b). Sa chás go bhfuil uimhir chothrom stiúrthóirí laistigh de chatagóir, glactar leis go bhfuil an figiúr airmheánach cothrom le figiúr meánach an dhá fhiúir sa láir.
40. Ba cheart d'institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta, le haghaidh gach catagóir atá sonraithe in larscríbhinn XI, an bhearna phá idir na hinscní a ríomh tríd an méid seo a leanas a ríomh:
- a. An difríocht idir luach saothair meánach fear agus ban, roinnte ar luach saothair meánach na bhfear.
  - b. An difríocht idir luach saothair meánach fear agus ban, roinnte ar luach saothair airmheánach na bhfear.
  - c. An difríocht idir luach saothair meánach fear agus ball neamh-dhénártha, roinnte ar luach saothair meánach na bhfear.
  - d. An difríocht idir luach saothair meánach fear agus ball neamh-dhénártha, roinnte ar luach saothair airmheánach na bhfear.
41. Sa chás nach féidir an bhearna phá idir na hinscní idir baill fhireanna agus bhaineanna nó an bhearna phá idir baill fhireanna agus neamh-dhénártha a ríomh de bhrí nach bhfuil an dá inscne faoi seach san áireamh sa chatagóir, ba cheart d'institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta "n/a" a chur in ionad an luacha seachas an céatadán a ríomh.
42. Sa chás nach bhfuil an luach saothair le haghaidh na sonraí tagartha faofa fós, ba cheart d'institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta an bhearna phá idir na hinscní a thuairisciú

bunaithe ar an iarracht is fearr is féidir a dhéanamh, agus an luach saothair athraitheach molta a chur san áireamh.

## 8. Cáilíocht sonraí

43. Sula gcuireann siad sonraí ar fáil dá n-údaráis inniúla, ba cheart d’institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta iomláine agus inchreidteacht sonraí a sheiceáil agus cibé ceartúchán is gá a dhéanamh. Ba cheart go ndéanfadh údaráis inniúla an rud céanna sula gcuireann siad sonraí ar fáil do ÚBE.
44. Nuair a iarrann ÚBE é, ba cheart d’údaráis inniúla sonraí ceartaithe nó míniúcháin ar aon sonraí dochreidte a chur ar fáil, de réir mar is gá, a luaithe is féidir.
45. Maidir leis na seiceálacha cáilíochta sonraí, ba cheart d’údaráis inniúla an méid seo a leanas a fhíorú:
  - a. tá na teimpléid líonta go hiomlán agus ar bhonn aonair;
  - b. an tásca ceart maidir leis an struchtúr rialachais;
  - c. an roghnú ceart don chatagóir méide atá déanta ag an institiúid;
  - d. an roghnú ceart má tá institiúid catagóirithe mar institiúid shuntasach nó neamhshuntasach; agus
  - e. inchreidteacht an líon stiúrthóirí, ag cur san áireamh gur cheart sonraí a chur ar fáil ar bhonn aonair.
46. Nuair a bhíonn sonraí tagarmharcála cleachtas éagsúlachta á gcur ar fáil do ÚBE, ba cheart d’údaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad freisin EBA/DC/335 an 5 Meitheamh 2020 maidir le EUCLID (“Cinneadh EUCLID”)<sup>4</sup>, arna leasú, agus go soláthróidh siad d’institiúidí agus do ghnólachtaí infheistíochta aon sonraíocht theicniúil is gá d’fhonn a áirithiú go bhfuil Cinneadh EUCLID á chomhlíonadh go leanúnach.

---

4

[https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document\\_library/Risk%20Analysis%20and%20Data/Reporting%20by%20Authorities/885459/Decision%20on%20the%20European%20Centralised%20Infrastructure%20of%20Data%20%28EUCLID%29.pdf](https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Risk%20Analysis%20and%20Data/Reporting%20by%20Authorities/885459/Decision%20on%20the%20European%20Centralised%20Infrastructure%20of%20Data%20%28EUCLID%29.pdf)